**Fógra Príobháideachais ÚRCTC d'Iarratasóirí**

Bailíonn ÚRCTC sonraí pearsanta trína fheachtas earcaíochta. Is é an rialaitheoir sonraí don eolas arna chur ar fáil ná ÚRCTC, agus is é Sigmar an próiseálaí sonraí arna cheapadh ag ÚRCTC chun an próiseas earcaíochta a dhéanamh.
Is iad sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí ná: Oifigeach Cosanta Sonraí, ÚRCTC, 4ú Urlár Teach Grattan, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 H638
**Ríomhphost:** dpo@ahbregulator.ie **Uimhir Fóin**: 01 224 3900.
Úsáidfidh ÚRCTC na sonraí pearsanta a bailíodh mar gheall ar an earcaíocht chun iarratais a phróiseáil agus measúnú a dhéanamh orthu agus chun dul i dteagmháil le hiarratasóirí. D'fhéadfadh ionadaithe ÚRCTC nó Ranna, Forais, nó Gníomhaireachtaí eile an Rialtais a bheith san áireamh le faighteoirí tríú páirtí. Ní aistreoidh ÚRCTC sonraí pearsanta lasmuigh den AE nó den LEE.

Is é an bonn dlíthiúil ÚRCTC maidir leis na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil ná go bhfuil próiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh, nó d'fhonn bearta a ghlacadh ar iarratas an ábhair sonraí sula ndéantar conradh agus/nó go bhfuil do chead tugtha maidir leis an bpróiseáil. Déanfaidh ÚRCTC na sonraí pearsanta arna gcur ar fáil a stóráil go sábháilte. Stórálfar na sonraí sin ar feadh 12 mhí ar a mhéad sa chás go ndiúltaítear leis an iarratas. Má dhiúltaíonn duine dá ndéantar tairiscint dó/di, nó má dhiúltaíonn sé/sí é tar éis dó/di an post a ghlacadh, nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh ÚRCTC, dá rogha féin, iarratasóirí ón bpróiseas seo a mheas lena gceapadh chuig aon fholúntas comparáideach eile laistigh de thréimhse dhá mhí déag. Mura mian leat go gcuirfí tú san áireamh ar cheapacháin bhreise, cuir é sin in iúl don earcaitheoir ag aon am i rith an phróisis earcaíochta.

Tá an ceart ag ábhair sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus aon earráid ina gcuid sonraí a réiteach. Chun amhlaidh a dhéanamh, scríobh chuig an tOifigeach cosanta Sonraí ag an seoladh a liostaítear thuas. Tá an ceart ag ábhair sonraí, i gcás inar iomchuí, a gcuid sonraí a léirscriosadh agus/nó srian ar phróiseáil a gcuid sonraí mar aon leis an gceart chun cur i gcoinne a gcuid sonraí a phróiseáil. Ina theannta sin, tá an ceart ar ábhair sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir sonraí breise maidir le cearta um chosaint sonraí a aimsiú anseo: Ráiteas Príobháideachais - An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ahbregulator.ie)